Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2018**
**(OR. en)**

**10505/18**

**AGRI 315**
**AGRIFIN 67**
**FIN 506**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *"Basic Payment Scheme for farmers – operationally on track, but limited impact on simplification, targeting and the convergence of aid levels"* [Scéim na híocaíochta bunúsaí d'fheirmeoirí - ar an mbóthar ceart ó thaobh oibríochta de ach tionchar teoranta aici ar shimpliú, díriú agus cóineasú na leibhéal cabhrach]<br>*- Conclúidí ón gComhairle (26 Meitheamh 2018)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le:

*Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2018: "Basic Payment Scheme for farmers – operationally on track, but limited impact on simplification, targeting and the convergence of aid levels" [Scéim na híocaíochta bunúsaí d'fheirmeoirí - ar an mbóthar ceart ó thaobh oibríochta de ach tionchar teoranta aici ar shimpliú, díriú agus cóineasú na leibhéal cabhrach]*

a ghlac an Chomhairle ag an 3629ú cruinniú a bhí aici, ar an 26 Meitheamh 2018.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***"Basic Payment Scheme for farmers – operationally on track, but limited impact on simplification, targeting and the convergence of aid levels"*** [Scéim na híocaíochta bunúsaí d'fheirmeoirí - ar an mbóthar ceart ó thaobh oibríochta de ach tionchar teoranta aici ar shimpliú, díriú agus cóineasú na leibhéal cabhrach]

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/28 maidir le scéim na híocaíochta bunúsaí d'fheirmeoirí, ina ndéantar measúnú ar thabhairt isteach scéim na híocaíochta bunúsaí agus ar bhainistiú a chur chun feidhme ag an gCoimisiún i bhfianaise chreat dlíthiúil an Aontais agus cuspóirí an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT);

2. AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag íocaíochtaí díreacha maidir le tacaíocht ioncaim a chur ar fáil d'fheirmeoirí, luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí as earraí agus seirbhísí poiblí a sholáthar, tacú le gníomhaíocht talmhaíochta i ngach cearn den Aontas agus rannchuidiú le cosaint an chomhshaoil agus le forbairt na ngeilleagar tuaithe;

3. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí na Cúirte go bhfuil scéim na híocaíochta bunúsaí d'fheirmeoirí ar an mbóthar ceart ach go bhfuil scóip ann chun feabhas a chur ar an tionchar atá aici maidir le simpliú;

4. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus scéim na híocaíochta bunúsaí reatha á cur chun feidhme, na moltaí ón gCúirt a chur san áireamh i ndáil leis an méid a leanas:

   – cur chun feidhme príomhrialuithe na ngníomhaireachtaí íocaíochta;

   – ról na gcomhlachtaí deimhniúcháin;

5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i bhfianaise na chéad tréimhse clársceidealaithe CBT eile, simpliú nithiúil a bhaint amach ó thaobh íocaíochtaí díreacha a sholáthar agus infhaighteacht leanúnach na scéimeanna íocaíochtaí díchúpláilte atá bunaithe ar limistéir (amhail scéim na híocaíochta bunúsaí nó an scéim íocaíochta aonair limistéir) a áirithiú, lena n-áirítear an rogha gan teidlíochtaí íocaíochta a úsáid.